Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2023
(OR. en)

8657/23
PV CONS 19
RELEX 499

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

24 Aibreán 2023

**CLÁR**

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas na míreanna 'A'
   (a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha ..... 3
   (b) Liosta don phlé reachtach ..... 3

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Cúrsaí reatha ..... 5

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin ..... 5

5. Cur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le hiarmhairtí geopholaitiúla fhogha na Rúise faoin Úcráin: rannpháirtíocht leis na tríú tíortha ..... 5

6. Aon ghnó eile ..... 5

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 6

***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 8257/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 8258/23

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear in 8258/23, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta don phlé reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 8259/23

<u>Ceartas agus Gnóthaí Baile</u>

1. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 maidir le foilsiú leictreonach**
***Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***
*Comhaontú i bprionsabal*
*Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 5.4.2023

SC — 7650/23, 6551/23, EJUSTICE

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an rialachán atá beartaithe, mar a leagtar amach in 6551/23 é, faoi réir thoiliú Pharlaimint na hEorpa, agus chinn sí dréacht-téacs an rialacháin, mar a leagtar amach in 6551/23 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun toiliú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 352 CFAE.

2. **Treoir maidir le Malartú Faisnéise**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.4.2023

❶C — 7947/23 + COR 1 + ADD 1, PE-CONS 70/22 **<u>+ REV 1 (sk)</u>**, IXIM

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; staon <u>an Ostair</u> agus <u>an Ghearmáin</u> ón vótáil. (Bunús dlí: Airteagal 87(2), pointe (a), CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac <u>an Danmhairg</u> páirt sa vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

3. **Rialachán lena mbunaítear ardán comhair d'fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú** ❶C 7950/23 + ADD 1
PE-CONS 73/22
JAI

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 19.4.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (d), CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

4. **Cinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023** ❶C 7844/23 + ADD 1
PE-CONS 12/23
SOC

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 19.4.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; staon an Ungáir ón vótáil. (Bunús dlí: Airteagal 149 TFEU). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

5. **Treoir maidir le bearta ceangailteacha trédhearcachta pá** ❶C 7845/23 + ADD 1
PE-CONS 81/22
SOC

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 19.4.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; vótáil an Bhulgáir, an Ungáir agus an tSualainn ina choinne agus staon an Ghearmáin agus an Laitvia ón vótáil. (Bunús dlí: Airteagal 157(3) CFAE) Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Cúrsaí reatha

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin
   *Malartú tuairimí*

5. Cur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le hiarmhairtí geopholaitiúla fhogha na Rúise faoin Úcráin: rannpháirtíocht leis na tríú tíortha
   *Malartú tuairimí*

6. Aon ghnó eile

---

❶ An chéad léamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 8259/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le Malartú Faisnéise**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Cuireann an Ostair i bhfios go láidir go dtacaíonn sí go hiomlán le comhar póilíneachta feabhsaithe agus le malartú faisnéise feabhsaithe idir údaráis forfheidhmithe dlí.

Ar an drochuair, sa téacs reatha tá forálacha a bhfuil deacrachtaí ag an Ostair ina leith. Is iad sin (1) an tréimhse athbhreithniúcháin faoi cheangal ama le haghaidh sonraí arna forordú sna córais náisiúnta bainistithe cásanna, a chuireann isteach go míchuí ar an inniúlacht reachtach náisiúnta, agus (2) go bhféadfaí bealaí cumarsáide a athrú le linn do mhalartú faisnéise a bheith ar siúl.

Is é tuairim na hOstaire go mbeidh obair phóilíneachta níos deacra mar thoradh ar na pointí sin agus go raibh sé de cheart iad a scriosadh. I bhfianaise an mhéid sin, staonann an Ostair.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena mbunaítear ardán comhair d'Fhoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCRÓIT**

'Cuireann Poblacht na Cróite in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le glacadh an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726.

Mar sin féin, is mian le Poblacht na Cróite a míshásamh leis an leagan teanga reatha Cróitise den togra le haghaidh an Rialacháin a athdhearbhú i.e. leis an leagan coibhéiseach Cróitise den téarma Béarla 'cyber' agus a n-eascraíonn uaidh sa Chróitis[1], saincheist atá tarraingthe anuas againn ar bhonn leanúnach ar go leor leibhéal laistigh den Chomhairle le blianta beaga anuas.

Eadhon, sa leagan reatha Cróitise den togra le haghaidh an Rialacháin, baintear úsáid as téarmaíocht nach ann di i gcibir-reachtaíocht na Cróite agus san úsáid ghairmiúil, rud a chruthaíonn mearbhall agus a bhaineann an bonn de dheimhneacht dhlíthiúil, de chomhleanúnachas dlíthiúil agus de shoiléireacht dhlíthiúil.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an téarmaíocht a úsáideann institiúidí an Aontais a ailíniú leis an téarmaíocht dhlíthiúil náisiúnta atá in úsáid cheana d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí d'fheabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla a mhéid a bhaineann le cumarsáid leictreonach shlán agus thapa idir baill d'fhoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus le malartú fianaise, agus leanann sí de bheith ag tacú le glacadh an Rialacháin.'

---

[1] Is é 'kibernetički' an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é 'kiber-' an téarma a úsáideadh sa Rialachán.

**Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':**

**Cinneadh maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá an Ungáir tiomanta tacaíocht iomlán a thabhairt d'aidhmeanna thionscnamh Bhliain Eorpach na Scileanna 2023 maidir le hathsciliú agus uas-sciliú daoine agus aithníonn sí go bhfuil lucht saothair oilte ríthábhachtach chun aistrithe córa glasa agus digiteacha a áirithiú. Aithnímid gur toradh é an téacs comhréitigh críochnaitheach a leagtar amach in 7219/23+ADD 1 ar chaibidlíocht fhadtréimhseach, mar gheall ar ghnéithe áirithe den téacs nach bhfuil i gcomhréir lenár seasamh maidir leis an imirce dhleathach i gcoitinne, staonann an Ungáir ón vótáil. Is oth linn a thabhairt faoi deara nach léirítear go leordhóthanach le forálacha áirithe den chinneadh maidir le himirce dhleathach an gá atá le hinniúlachtaí náisiúnta a urramú mar a leagtar amach in Airteagal 79(5) CFAE, ar dá réir nach ndéanfar difear do cheart na mBallstát líon na náisiúnach tríú tíortha a shocrú a thig isteach ar a gcríocha ar thóir oibre. Sa chomhthéacs sin, ní mheasann an Ungáir gur uirlis iomchuí atá fónta ó thaobh an dlí de é 'Daoine ó thríú tíortha a mhealladh', i.e. imirce dhleathach a spreagadh ar leibhéal an Aontais, chun ganntanas scileanna agus oibrithe an Aontais a réiteach.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na tíre, dar leis an Ungáir is tagairt do ghnéas é 'inscne' agus is tagairt do 'chóineasú inscne' é 'cóineasú idir mná agus fir' sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach Scileanna 2023.'

**Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':**

**Treoir maidir le bearta ceangailteacha trédhearcachta pá**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR AGUS ÓN nGEARMÁIN**

'Measann an Ostair agus an Ghearmáin go bhfuil fadhbanna móra ag baint le húsáid na foclaíochta '*Frauen unterschiedlicher Rasse*' in aithris 25 den leagan Gearmáinise den Treoir maidir le Trédhearcacht Pá.

Glacann an Ostair agus an Ghearmáin leis go bhfuil feidhm freisin ag an soiléiriú a bhaineann le húsáid an téarma '*Rasse*' ('cine'/'bunadh ciníoch') in aithris 6 de Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar bhunadh ciníoch nó eitneach, dá dtagraítear in aithris 25 den Treoir maidir le Trédhearcacht Pá, i ndáil leis an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá: *'Diúltaíonn an tAontas Eorpach do theoiricí lena ndéantar iarracht a chinneadh gur ann do chiníocha daonna ar leith. Ní hionann úsáid an téarma 'bunadh ciníoch' sa Treoir sin agus a rá go nglactar leis na teoiricí sin.'*

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

‘Is coinníoll bunriachtanach é prionsabal an phá chomhionainn d'fhir agus do mhná as obair chomhionann nó as obair ar comhionann a luach a chur chun feidhme go héifeachtach chun neamhionannais a dhíothú, chun comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn, agus chun cóineasú sóisialta aníos a bhaint amach san Aontas. I ndáil leis sin, tacaíonn Poblacht na Bulgáire le cuspóirí na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.

Ag an am céanna, áfach, le linn na caibidlíochta maidir leis an togra le haghaidh Treorach, rinneadh athruithe ar an téacs nach raibh inghlactha ag Poblacht na Bulgáire.

Cuireadh go mór le raon feidhme na bhfostóirí a bhfuil oibleagáidí nua á gcruthú dóibh, gan cás sonrach na bhfiontar beag agus meánmhéide a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach do Phoblacht na Bulgáire nach mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa togra bunaidh ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an mbearna phá idir mná agus fir a thuairisciú agus measúnuithe comhpháirteacha ar phá a dhéanamh ach amháin maidir le cuideachtaí réasúnta mór, a mbeidh na hacmhainní airgeadais agus daonna acu chun iad a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, cruthaíonn cuimsiú an idirdhealaithe thrasnaigh sa chuid oibríochtúil den Treoir éiginnteacht dhlíthiúil i bhfianaise an bhunúis dlí chun an Treoir (Airteagal 157(3) CFAE) a ghlacadh, nach gcumhdaítear léi ach cosaint ar fhorais ‘inscne’ (comhionannas idir fir agus mná), agus nach gcumhdaítear léi cosaint ar fhorais eile nó meascán de na forais sin.

Ar deireadh, in 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuirtear chun cinn i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (‘Coinbhinsiún Iostanbúl’) coincheapa dlíthiúla a bhaineann leis an gcoincheap ‘inscne’ atá ar neamhréir le bunphrionsabail Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire. In 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil gur cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, an téarma ‘gnéas’ a úsáidtear sa Bhunreacht a úsáid ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná) agus sa chiall sin amháin.

I gcomhréir leis na cinntí sin, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh le coincheapa arb é is aidhm dóibh idirdhealú a dhéanamh idir ‘gnéas’ mar chatagóir bhitheolaíoch (fir agus mná) agus ‘inscne’ mar thógán shóisialta agus nach ndéanfaidh sí úsáid an téarma ‘inscne’ sa Treoir a léiriú ach amháin ina ciall bhitheolaíoch. Dá bhrí sin, tá aithris 6 neamhábhartha do Phoblacht na Bulgáire i bhfianaise a hoird bunreachtúla náisiúnta.

Ar na cúiseanna sin, ní thacaíonn Poblacht na Bulgáire le téacs na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Thairis sin, agus i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Thairis sin, is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus le reachtaíocht náisiúnta na tíre, dar leis an Ungáir is tagairt do ghnéas é 'inscne' agus is tagairt do 'comhionannas inscne' é 'cearta comhionanna, deiseanna comhionanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.'

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Tacaíonn an Laitvia leis an aidhm aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní agus díriú ar chuspóirí an Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe. Mar sin féin, tá imní ar an Laitvia faoin sásra forfheidhmithe atá beartaithe, agus is údar imní di go bhféadfadh ualach riaracháin iomarcach agus díréireach a fhorchur ar an earnáil phríobháideach agus ar an earnáil phoiblí de thoradh an comhaontaithe comhréitigh deiridh maidir leis an Treoir atá le glacadh sa Chomhairle an 24 Aibreán 2023.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar bhunluach a chumhdaítear an comhionannas idir mná agus fir i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir leis na conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léireoidh an Pholainn an nath 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus san am céanna léireoidh sí 'an bhearna phá idir na hinscní' mar 'an bhearna phá idir mná agus fir'. I bhfianaise an mhéid thuas, aon nathanna eile ina bhfuil an téarma 'inscne', is é an léiriú a bheidh ag an bPolainn ar an téarma sin ná tagairt do 'gnéas', i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ag an am céanna, ní aithníonn an Pholainn catagóirí inscne seachas 'baineann' agus 'fireann'; dá bhrí sin, níl feidhm ag aithrisí 5 agus 6 maidir leis an staid sa Pholainn.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Tugann an Coimisiún dá aire an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí maidir le tréimhse trasuímh trí bliana le haghaidh theacht i bhfeidhm na rialacha nua maidir le trédhearcacht pá. Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl nár cheart glacadh leis gur fasach atá sa diall sin ón tréimhse trasuímh chaighdeánach dhá bhliain. Is amhlaidh is aidhm leis a áirithiú go gcuirfidh na fostóirí struchtúir phá neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm ionas go n-áiritheofar go gcuirfear na rialacha nua i bhfeidhm ina n-iomláine nuair a dhéanfar an trasuímh.'

---